AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.3.2022
COM(2022) 87 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

lena ndéantar measúnú ar a riachtanaí agus a chomhréirí atá sé an fhaisnéis a áirítear sna cláir réadmhaoine a chomhchuibhiú agus lena ndéantar measúnú ar an ngá atá le hidirnascadh na gclár sin

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

lena ndéantar measúnú ar a riachtanaí agus a chomhréirí atá sé an fhaisnéis a áirítear sna cláir réadmhaoine a chomhchuibhiú agus lena ndéantar measúnú ar an ngá atá le hidirnascadh na gclár sin

1. RÉAMHRÁ

Le hAirteagal 32b(2) de Threoir (AE) 2015/849[1] (an 'Treoir maidir le Sciúradh Airgid' nó "AMLD") arna leasú le Treoir (AE) 2018/843[2] ('AMLD5'), ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle lena ndéanfar measúnú ar an ngá agus ar an gcomhréireacht a bhaineann le comhchuibhiú na faisnéise a chuimsítear i gcláir náisiúnta réadmhaoine na mBallstát agus lena ndéanfar measúnú ar an ngá atá le hidirnascadh na gclár sin. D'ainneoin gur socraíodh an 31 Nollaig 2020 mar spriocdháta maidir leis an tuarascáil sin a chur isteach, chinn an Coimisiún a glacadh a chur ar feitheamh ionas go bhféadfaí an measúnú a chur san áireamh agus an pacáiste tograí reachtacha maidir le comhrac in aghaidh sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta (AML/CFT) a ghlac sé an 20 Iúil 2021 á ullmhú[3].

In AMLD, ta roinnt beart chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta (ML/TF) san earnáil réadmhaoine agus chun na rioscaí sin a mhaolú. Cumhdaítear leo nótairí agus gairmithe eile dlí atá rannpháirteach in idirbhearta réadmhaoine a áireamh, chomh maith le gníomhairí réadmhaoine laistigh de raon feidhme na n-eintiteas atá faoi réir oibleagáidí AML/CFT agus, i ndiaidh athruithe arna dtabhairt isteach ag AMLD5, faisnéis maidir le húinéireacht réadmhaoine a chur ar fáil d'údaráis náisiúnta AML/CFT. Le hAirteagal 32(b)(1) de AMLD ceanglaítear ar na Ballstáit rochtain a thabhairt d'Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais (AFAnna) agus d'údaráis inniúla ar fhaisnéis trínar féidir aon duine nádúrtha nó dlítheanach ar leosan réadmhaoin a shainaithint go tráthúil, lena n-áirítear sainaithint trí chláir nó córais aisghabhála sonraí leictreonacha i gcás ina bhfuil cláir nó córais den sórt sin ar fáil.

Chun ceanglais Airteagal 32(b)(2) a chomhlíonadh, áirítear sa tuarascáil sin (i) anailís ar staid reatha na gclár talún, (ii) tuairisc ar conas is féidir le rochtain ar chláir réadmhaoine cabhrú le AFAnna agus le húdaráis inniúla, agus cabhrú le (iii) an measúnú ar thairbhí, laige agus riachtanais maidir le comhchuibhiú na faisnéise a chuimsítear sna cláir agus maidir le

[1] Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 141, 5.6.2015, lch. 73–117), arna leasú le Treoir (AE) 2018/843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018.

[2] Treoir (AE) 2018/843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849 maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, agus lena leasaítear Treoir 2009/138/CE agus Treoir 2013/36/AE, IO L 156, 19.6.2018, lch. 43-74.

[3] https://ec.europa.eu/info/publications/210720-anti-money-laundering-countering-financing-terrorism_en

hidirnascadh na gclár sin. Bunaithe ar na gnéithe sin, déantar measúnú tosaigh ar chomhréireacht agus ar an ngá atá le comhchuibhiú agus idirnascadh.

Chuidigh staidéar neamhspleách ó chonraitheoir seachtrach a coimisiúnaíodh in 2020 le hullmhú na tuarascála sin[4]. Mapáladh sa staidéar faisnéis ar chláir réadmhaoine na mBallstát, rinneadh anailís ar na tionscnaimh a bhí ann cheana agus ar na tionscnaimh reatha chun na cláir a idirnascadh agus chun an fhaisnéis a chuimsítear iontu a chomhchuibhiú. Tá an tuarascáil seo bunaithe freisin ar fhaisnéis ó staidéar a choimisiúnaigh an Coimisiún in 2014[5] inar cuireadh i láthair torthaí ó staidéar gnó agus ó staidéar teicniúil a bhí ina réamhobair chun idirnascadh na gclár talún a thógáil sa Tairseach Eorpach don r-Cheartas.

Úsáidtear an téarma 'clár réadmhaoine' sa tuarascáil seo mar théarma lena gcumhdaítear cláir talún[6] agus cláir chadastair araon[7], ar féidir faisnéis a bheith iontu trínar féidir duine nádúrtha nó duine dlítheanach ar leis réadmhaoin a shainaithint. Oibríonn na cláir sin de ghnáth ar bhealach comhlántach, agus is sna cláir talún a bhíonn taifeadadh oifigiúil ar chearta trí bhíthin gníomhas nó teideal agus is sna cadastair a bhíonn fardal poiblí réadmhaoine. I dtéarmaí praiticiúla, in aon tionscadal comhchuibhithe agus/nó idirnaisc a d'fhéadfadh a bheith ann, ba cheart do na Ballstáit na cláir náisiúnta ábhartha a shainaithint de réir an cháis agus cláir talún agus chadastair araon a áireamh más cláir ar leithligh iad siúd faoina ndlí náisiúnta.

2. STAID NA HIMEARTHA

2.1. Cláir ina bhfuil faisnéis faoi úinéirí réadmhaoine sna Ballstáit

Tá éagsúlacht mhór idir na cláir réadmhaoine sna Ballstáit i dtaca le heagrúchán, lárú, leibhéal an digitithe agus a n-inneachar faoi seach.

Tá sonraí réadmhaoine tiomsaithe ag formhór na mBallstát in dhá chlár ar leith – an clár talún agus an clár cadastair. Bainistíonn ocht mBallstát a gclár talún in éineacht leis an gclár cadastair[8]. Tá roghnaithe ag roinnt Ballstát bunachair shonraí ar leith a chur ar bun freisin i gcomhair cuspóirí speisialta – mar shampla, chun cáin na réadmhaoine a shainaithint[9] nó praghas ceannaigh agus/nó sonraí idirbhirt a chuardach[10].

---

[4] An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil, *Study on the harmonisation and interconnection of real estate registers :* [Staidéar ar chomhchuibhiú agus ar idirnascadh na gclár eastát réadach :] *final report*, [an tuarascáil deiridh] Oifig na bhFoilseachán, 2021, https://data.europa.eu/doi/10.2874/068191; dá ngairtear anseo feasta 'An Coimisiún Eorpach (2021)'.

[5] An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Cheartais, Schmitz, P., Athanasiou, P., Torrinha, P., et al. *Land Registers Interconnection feasibility and implementation analysis* [Cláir Talún a Idirnascadh - Anailís ar fhéidearthacht agus ar chur chun feidhme], Oifig na bhFoilseachán, 2015, https://data.europa.eu/doi/10.2838; dá ngairtear anseo feasta 'An Coimisiún Eorpach (2015)'.

[6] Tuigtear gur clár poiblí é clár talún de ghníomhais nó de chearta a bhaineann le réadmhaoin.

[7] Is tuairisc chórasach ar na haonaid talún laistigh de limistéar é an cadastar. Déantar an tuairisc trí léarscáileanna ina n-aithnítear suíomh agus teorainneacha gach aonaid, agus trí thaifid. Sna taifid, uimhir aitheantais agus limistéar an aonaid is ea an fhaisnéis is riachtanaí, faisnéis arna difreáil de ghnáth de réir aicme talamhúsáide.

[8] An Chipir, an Danmhairg, an Ungáir, an Liotuáin, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin agus an Eastóin.

[9] An Phortaingéil agus an Fhrainc.

[10] An Ghearmáin agus an Fhionlainn.

Le linn stair fhada a bhaineann le faisnéis réadmhaoine a chlárú, a théann siar go dtí an 19ú haois, tá dhá chóras clárúcháin forleathana tagtha chun cinn – an córas taifeadta gníomhas agus an córas clárúcháin teideal. Is ionann gníomhas agus taifead ar idirbheart ar leith. Is fianaise é ar chomhaontú sonrach (amhail réadmhaoin a dhíol), ach ní cruthúnas é ann féin ar cheart dlíthiúil na bpáirtithe a rinne an t-idirbheart dul isteach sa chomhaontú agus é a chur i gcrích[11]. Faoin gcóras malartach, i gcás chlárú na dteideal, is cruthúnas úinéireachta é clárú an teidil. Faoi láthair, tá córas teideal nó an dá chóras ag 23 Bhallstát, cé nach bhfuil ach córas gníomhas ag 4 Bhallstát[12]. I roinnt Ballstát, rinneadh aistriú de réir a chéile ón gcóras gníomhas go dtí an córas teideal, ach ní dhearnadh aon athrú sa treo eile[13].

I gcás go leor Ballstát, déantar na cineálacha éagsúla clár a thuairiscítear thuas a lárú ar an leibhéal náisiúnta – is é sin, cumhdaíonn siad limistéar iomlán tíre. Mar sin féin, ní mar sin atá i gcás na Fraince[14]. An Ghearmáin agus an Iodáil[15]. Tá córas measctha ag an Spáinn: cé gur ann do bhreis is 1 000 clár talún ag a bhfuil inniúlachtaí agus bunachair sonraí eisiacha, is ann d'ardán náisiúnta idirnasctha freisin.[16]. Tá córas den chineál céanna ag an nGréig; is é sin an bunachar sonraí clár talún atá á bhainistiú go lárnach ag cuideachta don tír ar fad agus a nuashonraítear ó na cláir talún áitiúla bunaithe ar a n-idirbhearta[17].

Tá cláir dhigiteacha ag formhór na mBallstát, agus rochtain orthu ar líne. Is ann d'eisceachtaí go fóill féin. Sa Fhrainc, i gcás na sonraí sin a choimeádtar i gcláir áitiúla, níl rochtain orthu ar líne d'ainneoin iad a bheith digitithe, agus cuirtear torthaí na bhfiosrúchán ar fáil de láimh, ar bhealach aisioncrónach (seachas i gcás réigiúin Alsace agus Moselle)[18]. Níl clár Lucsamburg ar líne ach an oiread[19].

2.2. Ról agus cuspóir na gclár réadmhaoine sa Mhargadh Aonair

Is é príomhchuspóir na sonraí i gcláir réadmhaoine deimhneacht dhlíthiúil i dtaca le cearta maoine agus cearta tríú páirtithe maidir le haonad réadmhaoine ar leith. Le cois údarás poiblí, baineann saoránaigh agus gairmithe úsáid as sonraí a stóráiltear i gcláir réadmhaoine, a bhíonn bunaithe an chuid is mó ar leas dlisteanach a bhaineann le malartú féideartha úinéireachta nó éileamh mar thríú páirtí. Féadfar cláir réadmhaoine a úsáid ar bhonn intíre

[11] An Coimisiún Eorpach (2015), lch. 273.
[12] Ibid, lch. 145-146, gan an Ríocht Aontaithe san áireamh. Is iad na Ballstáit ina bhfuil córas teideal nó an dá chóras an Ostair, an Bhulgáir, an Chipir agus an tSeicia. An Ghearmáin, an Danmhairg, an Eastóin, an Ghréig, an Spáinn, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Chróit, an Ungáir, Éire, an Iodáil, an Liotuáin, an Laitvia, Málta, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSualainn, an tSlóivéin agus an tSlóvaic. Is iad an Bheilg, Lucsamburg, an Ísiltír agus an Rómáin amháin na Ballstáit sin a bhfuil córas gníomhas acu. Sa Fhrainc, leanann réigiún Alsace agus Moselle an tsamhail taifeadta teideal (ní hamhlaidh atá sa chuid eile den tír). Is amhlaidh an scéal i gcúige uathrialach Trento san Iodáil.
[13] Parlaimint na hEorpa – Staidéar do Choiste JURI, *Cross Border Acquisitions of Residential Property in the EU:* [Éadálacha Trasteorann Maoine Cónaithe san Aontas Eorpach:] *Problems Encountered by Citizens*, [Fadhbanna a bhí ag Saoránaigh] 2016, lch. 58-59.
[14] Tá 120 clár réadmhaoine áitiúla ag an bhFrainc, cláir nach bhfuil idirnasctha.
[15] San Iodáil, coimeádann roinnt réigiún cláir ar leith, ach cumhdaítear formhór na tíre i gclár amháin.
[16] Touriñán T, 'The Spanish Land Registration system and the IMOLA project' [Córas Clárúcháin Talún na Spáinne agus tionscadal IMOLA], in: *IMOLA II Project (The European Land Register Document (ELRD)* [Tionscadal IMOLA II (Doiciméad an Chláir Talún Eorpaigh (ELRD)]: *A common Semantic Model for Land Registers Interconnection)* [Comhshamhail shéimeantach maidir le hIdirnascadh na gClár Talún], lch. 248, 252.
[17] https://e-justice.europa.eu/content_land_registers_in_member_states-109-el-en.do?member=1
[18] An Coimisiún Eorpach (2015), lch. 242-243.
[19] Ibid, lch. 216.

freisin i gcásanna trasteorann, agus dá bhrí sin bíonn gné den Mhargadh Aonair ag gabháil leo. Tugann an liosta seo a leanas forléargas neamh-uileghabhálach ar na himthosca inar féidir cláir réadmhaoine a úsáid ar bhonn trasteorann:

- I measc na ngnáthúsáidí a bhaintear as cláir réadmhaoine úsáidtear iad sa chomhthéacs ina mbíonn réadmhaoin á ceannach i mBallstát eile. D'fhéadfadh sé go mba mhian le saoránaigh agus gairmithe stádas dlíthiúil agus ualaí dlíthiúla de mhaoin thar lear a sheiceáil nó a sheiceáil go bhfuil maoin faoi úinéireacht cláraithe go cruinn[20].
- Is féidir féachaint ar chláir réadmhaoine i gcomhthéacs imeachtaí breithiúnacha a bhaineann le maoin dhochorraithe[21], lena n-áirítear cinntí breithiúnacha a fhorghníomhú.
- Is féidir féachaint ar chláir réadmhaoine freisin ar mhaithe le malartú faisnéise idir na húdaráis chánach. Faoi Threoir 2011/16/AE[22], déantar faisnéis maidir le hioncam agus úinéireacht maoine dochorraithe a mhalartú go huathoibríoch ar bhonn trasteorann idir údaráis chánach an Bhallstáit ina bhfuil an mhaoin suite agus údaráis chánach an Bhallstáit ina bhfuil úinéir na maoine ina chónaí.
- Is féidir cláir réadmhaoine a úsáid chun faisnéis ar ualaí a fháil. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh, mar shampla, i gcás comhairliúcháin a dhéanann institiúidí airgeadais i gcomhthéacs iasachtaí agus morgáistí a dheonú.
- Is féidir le húdaráis féachaint ar chláir réadmhaoine i gcomhthéacs imeachtaí maidir le dliteanais chánach, lena n-áirítear aisghabháil cánacha, dleachtanna agus bearta eile a rialaítear le Treoir 2010/24/AE[23].
- Is féidir féachaint ar chláir réadmhaoine i gcomhthéacs cásanna comharbais freisin. Go háirithe, ceanglaítear le Rialachán (AE) Uimh. 650/2012[24] ar an údarás a eisíonn deimhniú Eorpach comharbais an fhaisnéis maidir le maoin ar leis an duine éagtha í a fhíorú.

---

[20] Moerkerke J., '*IMOLA II, the ELRA's commitment with European citizens:* [IMOLA II, gealltanas an Chomhlachais Eorpaigh um Chlárlann na Talún i bpáirt le saoránaigh Eorpacha:] *opening a collaboration framework with EU authorities"* [creat comhair i bpáirt le húdaráis an Aontais Eorpaigh a thionscnamh], sa mhéid a leanas: *IMOLA II Project (…)* [Tionscadal IMOLA II], lch. 29.

[21] M. Cuccaro, '*The ELRD as a source of information for courts in Cross-border matters*' [ELRD mar fhoinse faisnéise do chúirteanna i gcúrsaí trasteorann], sa mhéid a leanas: *IMOLA II Project (…)* [Tionscadal IMOLA II], lch. 221. Go háirithe: "(…) *from a purely practical point of view it can be extremely useful to know with certainty whether the plaintiff has correctly publicized the existence of the legal proceedings in the competent Land Registry, which may be located in a different Member State that the one where the judge having jurisdiction is deciding over the transnational dispute."* [díreach ó thaobh na praiticiúlachta de amháin, d'fhéadfadh sé a bheith thar a bheith úsáideach fios a bheith ag duine cé acu a rinne nó nach ndearna an gearánaí poiblíocht ar dhóigh cheart gur ann do na himeachtaí dlíthiúla sa Chlárlann Talún inniúil, ar féidir léi a bheith suite i mBallstát eile seachas sa cheann ina mbeadh cinneadh á dhéanamh ag an mbreitheamh a bhfuil dlínse aige maidir leis an díospóid thrasnáisiúnta.]

[22] Treoir 2011/16/AE ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais agus lena n-aisghairtear Treoir 77/799/CEE

[23] Treoir 2010/24/AE ón gComhairle an 16 Márta 2010 maidir le cúnamh frithpháirteach chun éilimh a bhaineann le cánacha, dleachtanna agus bearta eile a aisghabháil IO L 84, 31.3.2010, lgh. 1-12 agus an Coimisiún Eorpach (2021), lch. 29.

[24] Rialachán (AE) Uimh. 650/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aithint agus forfheidhmiú cinntí agus glacadh le hionstraimí barántúla agus iad a fhorfheidhmiú in ábhair chomharbais agus maidir le Deimhniú Eorpach Comharbais a chruthú, IO L 201, 27.7.2012, Airteagal 66(5).

- I gcomhthéacs imeachtaí féimheachta, is féidir le húdarás, agus le creidiúnaithe freisin, cuardaigh a dhéanamh ar na cláir réadmhaoine.

2.3. Tionscnaimh idirnaisc

Go dtí seo, bhí roinnt tionscnamh ann ar leibhéal an Aontais a bhain le hidirnascadh na gclár náisiúnta talún.

Is tionscadal leanúnach é Idirnasc na gClár Talún (LRI) atá á mhaoiniú ag Clár Ceartais an Aontais Eorpaigh[25], ar féidir leis na Ballstáit dul isteach ann ar bhonn deonach[26]. Is é is aidhm dó pointe rochtana aonair a chur ar fáil tríd an Tairseach Eorpach don r-Cheartas[27] le haghaidh chláir talún na mBallstát rannpháirteach. Mar thoradh ar an gcéad chéim den tionscadal cruthaíodh idirnascadh atá inoibrithe go teicniúil idir clár talún na hOstaire agus clár talún na hEastóine. Tá an tseirbhís ionchasach ar fáil go poiblí ar bhonn taispeána.[28]. Cuireadh tús leis an dara tionscadal LRI de chuid na mBallstát, arna thacú le maoiniú ón Aontas, i mí an Mhárta 2020 agus tháinig deireadh leis i mí Dheireadh Fómhair 2021. Laistigh den tionscadal, nasc an Laitvia a clár talún le hardán seirbhíse LRI. Rinne an Ungáir, an Phortaingéil agus an Spáinn anailís chríochnúil chun tuiscint iomlán a fháil ar na coinníollacha a bhaineann go sonrach le tíortha ar leith, coinníollacha is gá a chomhlíonadh sular féidir forbairt an naisc LRI náisiúnta a sheoladh.

Ina Theachtaireacht in 2020 '*Digitalisation of justice in the European Union.* [An ceartas a dhigitiú san Aontas Eorpach.] *A toolbox of opportunities*', [Bosca uirlisí deiseanna], dúirt an Coimisiún gur cheart leathnú a dhéanamh ar fud an Aontais chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht iomlán LRI, agus mar chuspóir rannpháirtíocht iomlán na mBallstát a áirithiú faoi 2024[29].

Is tionscadal é IMOLA (Samhail idir-inoibritheachta le haghaidh cláir talún) de chuid an Chomhlachais Eorpaigh um Chlárlann na Talún, arna chómhaoiniú ag Clár Ceartais an Aontais Eorpaigh.[30]. Is é is aidhm don tionscadal teimpléad comhchoiteann a chur ar fáil chun faisnéis i gcláir réadmhaoine a eagrú ar leibhéal an Aontais, teimpléad a bheidh nasctha le hábhar míniúcháin i dteangacha éagsúla. Is é an rud is mó atá bainte amach le IMOLA coincheap a chruthú maidir le 'Doiciméad um Chlár Talún Eorpach' – teimpléad chun faisnéis na gclár talún a eagrú ar leibhéal an Aontais lena n-áirítear samhail shéimeantach[31].

3. RÉADMHAOIN AGUS CLÁIR RÉADMHAOINE SA CHOMHTHÉACS MAIDIR LE SCIÚRADH AIRGID AGUS MAOINIÚ NA SCEIMHLITHEOIREACHTA

Sa chaibidil seo déantar iniúchadh ar na bealaí inar féidir cláir réadmhaoine a úsáid i gcomhthéacs AML/CFT.

---

[25] Rialachán (AE) 2021/693 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár um Cheartas agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh 1382/2013 (IO L 156, 5.5.2021, lch. 21–38).

[26] Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach https://lri-ms.eu/

[27] https://e-justice.europa.eu/

[28] https://lri-ms.eu/outcomes

[29] COM(2020)710 final, lch. 13-14.

[30] https://www.elra.eu/imola/

[31] Ibid.

3.1. Tosca riosca agus mí-úsáidí comhchoiteanna na hearnála réadmhaoine maidir le sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta

De réir an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (FATF), is bealach coitianta é chun fáltais choiriúla a úsáid réadmhaoin a cheannach, agus réadmhaoin a bhí i 30 % de na sócmhainní coiriúla a coigistíodh ar fud an domhain idir 2011 agus 2013[32]. Cé go bhfuil sé deacair sonraí a fháil maidir lena mhór is atá cúrsaí ML/TF san earnáil, tá tuartha ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Fhorfheidhmiú an Dlí (Europol) go mbeidh na hearnálacha réadmhaoine agus foirgníochta níos tarraingtí fós le haghaidh sciúradh airgid sa mheántéarma de thoradh phaindéim COVID-19.[33] Sa mheasúnú a rinne an Coimisiún Eorpach in 2019 ar an riosca go n-imreodh sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta tionchar ar an Margadh Aonair agus ar ghníomhaíochtaí trasteorann[34] (an 'measúnú riosca fornáisiúnta') measadh leibhéal leochaileachta na hearnála réadmhaoine a bheith mór i dtaca le maoiniú sceimhlitheoireachta agus é a bheith mór/an-mhór i dtaca le sciúradh airgid[35].

Baineann ról na réadmhaoine go príomha le céim dheiridh de thimthriall an sciúrtha airgid, is é sin le rá céim an chomhtháthaithe[36]. Fágann sé gur féidir cistí aindleathacha a chomhtháthú sa gheilleagar dleathach, na fáltais a thabhairt ar ais do choirpigh, agus fiú ioncam dlisteanach a ghiniúint[37]. Is sócmhainn luachmhéadaitheach de ghnáth í an réadmhaoin, ar féidir léi, má dhíoltar í, a bheith ina cúis dhlisteanach le gnóthú cistí[38].

Is minic a bhíonn scéimeanna casta i gceist leis na modhanna coitianta a úsáideann coirpigh chun réadmhaoin a cheannach – lena n-áirítear iasachtaí casta nó maoiniú creidmheasa a úsáid, idirghabháil trí ghairmithe, úsáid feithiclí corparáideacha, cúbláil breithmheasa nó luachála maoine, úsáid ionstraimí airgeadaíochta amhail airgead tirim nó seiceanna, úsáid scéimeanna morgáiste nó úsáid maoine chun airgead arna ghiniúint trí ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha a cheilt[39].

3.2. Cláir réadmhaoine a úsáid i gcomhthéacs AML/CFT

Is féidir le faisnéis a chuimsítear i gcláir réadmhaoine cabhrú le húdaráis inniúla agus le hAonaid um Fhaisnéis Airgeadais ar roinnt bealaí. Leis an staidéar a cuireadh i gcrích chun tacú leis an tuarascáil sin, lenar áiríodh comhairliúcháin spriocdhírithe le húdaráis AML/CFT, deimhnítear go bhfuil siad sásta, ar an iomlán, le luas an mhalartaithe faisnéise trasteorann idir Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais agus údaráis inniúla maidir le réadmhaoin, agus leis an

[32] FATF, *Money Laundering and Terrorist Financing Vulnerabilities of Legal Professionals*, [Leochaileachtaí Gairmithe Dlíthiúla maidir le Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta], 2013, lch. 24.
[33] Europol, *Beyond the Pandemic:* [Tar éis na paindéime:] *How COVID-19 Will Shape the Serious and Organised Crime Landscape in the EU*, [Conas a imreoidh COVID-19 tionchar thimpeallacht na coireachta tromchúisí agus eagraithe in AE] 2020, lch. 12.
[34] SWD(2019)650 final.
[35] Ibid, lch. 171.
[36] An Coimisiún Eorpach (2021), lch. 37.
[37] Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa, *Understanding Money Laundering through Real Estate Transactions* [Sciúradh Airgid a Thuiscint i dtaca le hIdirbhearta Réadmhaoine], 2019, lch. 2 agus an Coimisiún Eorpach (2021), Ibid.
[38] FATF, *Money Laundering and Terrorist Financing Vulnerabilities of Legal Professionals*, [Leochaileachtaí Gairmithe Dlíthiúla i dtaca le Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta], 2013, lch. 44.
[39] FAFT/ECFE, *Money laundering and terrorist financing through the real estate sector* [Sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta san earnáil réadmhaoine], 2007.

bhfaisnéis a chuimsítear sna cláir réadmhaoine, toisc go gcuirtear ar a gcumas leo, de ghnáth, dílseánacht agus faisnéis faoin réadmhaoin a shainaithint[40]. Mar sin féin, cé go bhféadfaí buntáistí a bhaint amach trí chomhchuibhiú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a chuimsítear i gcláir réadmhaoine agus ar rochtain AFAnna agus na n-údarás inniúil ar chláir réadmhaoine Bhallstáit eile, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach féidir an fhaisnéis go léir atá ábhartha do AFAnna agus d'údaráis inniúla a aisghabháil trí na cláir sin.

Is tíopeolaíocht choiteann ML/TF san earnáil réadmhaoine úsáid a bhaint as scéimeanna casta lena mbaineann 'seilfchuideachtaí', struchtúir chasta úinéireachta lena n-áirítear iontaobhais, ainmnithe nó cuideachtaí atá bunaithe i ndlínsí lena mbaineann trédhearcacht íseal. De réir mheasúnú riosca fornáisiúnta 2019, measann ionadaithe na hearnála príobháidí gur dúshlán mór é úinéireacht thairbhiúil maoine a shainaithint, go háirithe nuair a dhéanann an díoltóir agus an ceannaitheoir an t-idirbheart trí úsáid a bhaint as iontaobhais. Léirigh suirbhé i measc AFAnna gur mheas 61 % de na freagróirí idirbhearta réadmhaoine nach mbíonn ach tríú páirtithe agus idirghabhálaithe páirteach iontu a bheith ina gcomhscéim oibríoch arna n-úsáid le haghaidh ML/TF san earnáil réadmhaoine. Ina dhiaidh sin bhí an 44 % de na freagróirí a roghnaigh úsáid a bhaint as feithiclí corparáideacha, iontaobhais nó ainmnithe, agus an 39 % a chuir in iúl gur fadhb mhór í an deacracht a bhain le fíorchéannacht an úinéara, an chíosóra nó an infheisteora réadmhaoine a fháil amach[41].

Is féidir cláir réadmhaoine a úsáid, in éineacht le clárlanna idirnasctha eile atá ar fáil do AFAnna agus d'údaráis inniúla, e.g. cláir úinéireachta tairbhiúla, chun cásanna ML/TF a bhrath ina n-úsáidtear na teicnící thuasluaite, toisc gur féidir leo faisnéis iontaofa, chomhlántach agus cothrom le dáta a sholáthar maidir leis an láthair, agus i gcásanna áirithe, úinéirí maoine réadmhaoine roimhe seo. I suirbhé i measc na n-údarás inniúil agus na n-eintiteas faoi oibleagáid, dúirt os cionn 80 % de na freagróirí go bhfuil faisnéis maidir leis an dílseánacht a bhí ann agus atá ann faoi láthair úsáideach ina gcuid oibre[42]. Ag an am céanna, thuairiscigh cuid acu go mbíonn faisnéis maidir le cearta úinéireachta ar iarraidh uaireanta, mar aon le heaspa faisnéise pearsanta breise, amhail uimhir aitheantais phearsanta, agus go mbíonn bac dá réir sin ar shainaithint an úinéara thairbhiúil[43].

Áirítear freisin i measc típeolaíochtaí ML/TF san earnáil réadmhaoine maoin a bhfuil praghas neamhghnách uirthi: bíodh sé os cionn nó faoi bhun mhargadhluach na maoine[44]. Gné choitianta is ea an easpa comhleanúnachais idir ioncam/saibhreas dearbhaithe an cheannaitheora agus luach na maoine réadmhaoine[45] freisin. I bhfianaise an mhéid sin, thug 63 % de na freagróirí le fios gur píosa tábhachtach faisnéise é praghas na maoine. Tá ráite ag freagróirí freisin go bhfuil praghas ceannaigh nó luacháil na maoine in easnamh ón gclár[46]. Is ó 2014 agus ina dhiaidh a bhaineann na sonraí is déanaí maidir leis an bhfaisnéis sin a chur

[40] An Coimisiún Eorpach (2021), lch. 87, 91 (ábhar na gclár réadmhaoine), agus 101-102 (malartú trasteorann faisnéise).
[41] An Coimisiún Eorpach (2021), lch. 50. B'indéanta é níos mó ná freagra amháin a roghnú.
[42] Ibid, lch. 90.
[43] Ibid.
[44] ECFE, *Money Laundering and Terrorist Financing Awareness Handbook for Tax Examiners and Tax Auditors* [Lámhleabhar sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta do Scrúdaitheoirí Cánach agus d'Iniúchóirí Cánach], 2019, lch. 48; FATF, *Risk-Based Approach Guidance for Real Estate Agents* [Treoir maidir le cur chuige riosca-bhunaithe do ghníomhaithe réadmhaoine], 2008, lch. 22 agus an Coimisiún Eorpach (2021), lch. 38.
[45] An Coimisiún Eorpach (2021), lch. 51.
[46] Ibid, lch. 91

san áireamh. Ina dhiaidh sin, bhí sonraí maidir le praghas ceannaigh stóráilte i gcláir réadmhaoine 14 Bhallstát[47] agus i gcás sé Bhallstát eile, bhí siad stóráilte ach níor cláraíodh iad in aon chlár nó cláraíodh iad ar leithligh ón gclár réadmhaoine[48]. Bainteach leis sin tá easpa taifead stairiúil ar aistriú úinéireachta réadmhaoine, modhanna íocaíochtaí (go háirithe mar gheall ar an treocht atá ag teacht chun cinn go gceannaítear réadmhaoin le hairgead tirim) agus conarthaí ceannaigh.

Chuir freagróirí a n-imní in iúl freisin maidir le cruinneas na faisnéise a chuimsítear sna cláir (e.g. níl an tuairisc ar an maoin cruinn nó níl sí cruinn a thuilleadh) agus ní áirítear iomláine na faisnéise (ní áirítear árasáin i ngach clár, cuir i gcás, d'ainneoin iad a bheith forleathan sa mhargadh).

Sa chéad roinn eile, déantar anailís ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le cláir réadmhaoine a idirnascadh. Is amhlaidh a dhéanann sé sin ó dhearcadh docht chreat AML/CFT de agus an úsáid a bhaintear as na cláir sin chun sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta trasteorann a bhaineann leis an earnáil réadmhaoine a chosc agus a chomhrac.

4. COMHCHUIBHIÚ NA FAISNÉISE A CHUIMSÍTEAR SNA CLÁIR RÉADMHAOINE

Chun críocha na tuarascála seo, ciallaíonn comhchuibhiú na faisnéise sna cláir réadmhaoine tacar sonraí íosta maidir le réadmhaoin a chruthú bunaithe ar shonraí a chuirfeadh na Ballstáit uile ar fáil.

D'fhéadfadh sé nach leor comhchuibhiú na faisnéise atá ar fáil faoi láthair sna cláir chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na n-údarás AML/CFT. Go ginearálta, ní bhíonn faisnéis a bhíonn ag teastáil ó AFAnna agus ó údaráis inniúla, amhail sonraí aitheantais díoltóra/ceannaitheoirí, praghas maoine, dáta díolacháin nó athrú úinéireachta (lena n-áirítear taifead ar aistrithe úinéireachta) ar fáil sna cláir. Dá bhrí sin, ba cheart sonraí breise arna mbailiú agus arna stóráil sna cláir a bheith ag gabháil le haon chomhchuibhiú féideartha, ar sonraí iad a mbeadh breisluach bainteach leo chun críocha AML/CFT.

Ag an am céanna, ba cheart rochtain ar fhaisnéis den sórt sin a dhearadh go cúramach, toisc go bhféadfadh sé nach mbeadh sé comhréireach i gcónaí í a chur ar fáil chun críocha eile.

4.1. Tairbhí

Is féidir roinnt buntáistí a bheith ag baint le comhchuibhiú na faisnéise a chuimsítear sna cláir réadmhaoine, ar buntáistí iad anuas ar sciúradh airgid, na cionta preideacáide lena mbaineann agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac. D'fhéadfadh comhchuibhiú a bheith ina spreagadh chun digitiú na gclár náisiúnta réadmhaoine a chur i gcrích agus chun feabhas a chur ar inrochtaineacht, rud a d'fhágfadh go mbeidís oiriúnach don ré dhigiteach. Ina theannta sin, féadfaidh comhchuibhiú a bheith fabhrach do dheimhneacht dhlíthiúil, ós rud é go bhféadfaidh struchtúr comhchoiteann ann féin, struchtúr lena mbaineann soiléireacht maidir le téarmaíocht agus luach dlíthiúil na faisnéise a stóráiltear cur le trédhearcacht agus

[47] An Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, an Chipir, an Danmhairg, an Eastóin, an Ghréig, an Spáinn, an Liotuáin, Lucsamburg, an Laitvia, an Ísiltír, an Rómáin agus an tSualainn agus an Coimisiún Eorpach (2015), lch. 171-175.

[48] Éire, an Ghearmáin, an Fhionlainn, an Phortaingéil, an tSeicia, an tSlóvaic, Ibid.

iontaofacht na faisnéise. Dá ndéanfaí na sonraí a chuimsítear sna cláir réadmhaoine a chomhchuibhiú, d'fhéadfaí rochtain a fháil ar an bhfaisnéis agus í a úsáid ar dhóigh níos tapúla. Ar deireadh, dá mbeadh faisnéis chomhchuibhithe ar fáil sna cláir réadmhaoine, d'éascófaí úinéireacht maoine a shainaithint, ar bhonn náisiúnta nó i mBallstáit eile. Dá bhrí sin, chuirfeadh an comhchuibhiú ní hamháin le faisnéis airgeadais, le himscrúduithe airgeadais ach le reo agus coigistiú sócmhainní freisin.

4.2. Míbhuntáistí agus srianta

Forbraíodh cláir réadmhaoine go staid a gcruth reatha i gcomhthéacs na gcóras náisiúnta sonrach maidir le heagrúchán maoine.

Is léiriú é Airteagal 345 ar phrionsabal neodracht na gConarthaí maidir leis na rialacha sna Ballstáit lena rialaítear an córas úinéireachta maoine. Ní chiallaíonn sé sin, áfach, nach bhfuil na rialacha sin faoi réir rialacha bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear, *inter alia*, toirmeasc ar idirdhealú, saoirse bunaíochta agus saorghluaiseacht chaipitil[49]. Is é sin le rá, ní chuirfeadh Airteagal 345 CFAE bac ar chomhchuibhiú ar shaincheisteanna den sórt sin amhail sraith sonraí arna sainiú go coitianta a bhailiú, a stóráil agus a chur i láthair, chomh fada agus a urramaíonn an comhchuibhiú bunphrionsabail dhlí an Aontais agus go háirithe neodracht an Aontais maidir leis na rialacha sna Ballstáit lena rialaítear an córas úinéireachta maoine.

Mar gheall ar an difríocht dhlíthiúil, pholaitiúil, eagraíochtúil agus stairiúil idir na cláir ar fud an Aontais, bheadh ar na Ballstáit iarrachtaí suntasacha a dhéanamh chun cláir réadmhaoine a chomhchuibhiú, ós rud é go bhféadfadh sé a bheith ina chúis le hathdháileadh suntasach cúraimí, le hathbhreithniú ar chreataí dlíthiúla náisiúnta agus le hathbhreithniú ar bhunú agus ar fheidhmiú na gclár agus le hathruithe orthu.

Mura ndéanfaí ach an fhaisnéis atá sna cláir cheana féin a chomhchuibhiú, bheadh costais riaracháin agus airgeadais i gceist. Mar a tugadh faoi deara faoi phointe 4.2, bheadh gá le hathruithe ar an reachtaíocht chun sonraí a chomhchuibhiú, le hathbhreithniú ar fheidhmiú na gclár agus b'fhéidir le hathdháileadh inniúlachtaí ar an leibhéal náisiúnta agus fo-náisiúnta. Má dhéantar iarracht meastachán a dhéanamh ar chostais den sórt sin, cuirtear iad ar leibhéal réasúnta nuair nach bhfuil ach na cláir i gceist (agus coibhéis lánaimseartha 3 daoine ríofa mar riachtanas foirne mar aon le costas aonuaire EUR 50 000 in aghaidh an Bhallstáit, gan ach costais athfhillteacha teoranta[50]), ach ní chuirtear san áireamh leis sin costais atá níos deacra a mheas amhail athruithe ar an reachtaíocht agus ath-leithdháileadh inniúlachtaí. Ní fhéadfaí meastacháin níos iontaofa a tharraingt suas ach amháin ar bhonn samhlacha comhchuibhithe beachta.

4.3. Conclúidí

Cé gur costais bheaga iad na costais mheasta a bhaineann le cláir réadmhaoine a chomhchuibhiú, ní féidir a mheas ach gur costais pháirteacha iad agus, dá bhrí sin, nach

[49] Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa i gCásanna Uamtha C-105/12 go C-107/12, Essent NV agus eile, pointí 29 go 36; Tuairim ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i Nós Imeachta Tuairime 2/15 (Singeapór), pointe 107.

[50] An Coimisiún Eorpach (2021), lch. 99.

dtugann siad léargas cruinn ar na himpleachtaí a bheadh ag comhchuibhiú den sórt sin. Níos tábhachtaí fós, ó thaobh AML/CFT de, is é an t-aon chomhchuibhiú amháin a d'fhéadfaí a bhaint amach faisnéis a bhaineann le ML/TF a chosc agus a chomhrac. Mar sin féin, mar a tugadh faoi deara thuas, níl an chuid is mó den fhaisnéis atá riachtanach d'údaráis AML/CFT le fáil sna cláir réadmhaoine. Ar an taobh eile, níorbh fhéidir an chuid is mó den fhaisnéis atá sna cláir réadmhaoine, nach mbaineann le cúrsaí AML/CFT, a chomhchuibhiú chun críocha AML/CFT.

5. IDIRNASCADH NA GCLÁR NÁISIÚNTA RÉADMHAOINE

D'fhéadfaí idirnascadh na gclár réadmhaoine a dhéanamh ar roinnt bealaí éagsúla. An sampla de na cláir maidir le húinéireacht thairbhiúil atá idirnasctha faoi AMLD trí chomhéadan coiteann sa tairseach don r-cheartas, d'fhéadfadh an comhchuibhiú an sampla sin a leanúint. Mar mhalairt air sin, d'fhéadfadh sé bheith ina chóras lárnach ag tarraingt ar fhaisnéis ó na cláir náisiúnta réadmhaoine agus í a chur i láthair ar bhealach comhchuibhithe.

5.1. Tairbhí

Dá ndéanfaí cláir náisiúnta réadmhaoine a idirnascadh ar leibhéal an Aontais, d'éascófaí rochtain trasteorann ar fhaisnéis a chuimsítear i gcláir náisiúnta na mBallstát uile. Ní hamháin go mbeadh sé ina thacaíocht chun rialacha AE a chur chun feidhme ar bhealach níos éifeachtaí i gcúrsaí a bhaineann le ceartas sibhialta agus coiriúil agus chun rochtain ar cheartas a fheabhsú, ach d'fhéadfadh sé feidhmiú ar bhealach níos leithne mar chatalaíoch don mhargadh inmheánach trí idirbhearta trasteorann a éascú.

Sa réimse AML/CFT, d'fhéadfaí léargas níos cuimsithí a thabhairt do na húdaráis ar na sócmhainní atá faoi úinéireacht daoine nádúrtha nó dlítheanacha, nó ar shocruithe dlíthiúla. D'fhéadfadh rochtain ar shonraí réadmhaoine ar fud an Aontais Eorpaigh cúnamh a thabhairt gnéithe trasteorann a bhrath agus anailísí straitéiseacha agus oibríochtúla á ndéanamh, agus i gcomhthéacs imscrúduithe airgeadais chomh maith. Thacódh idirnasc den sórt sin freisin le bearta reo agus coigistithe sócmhainní a bheadh níos tapúla agus níos éifeachtaí. Lasmuigh den chreat AML/CFT, d'fhéadfadh na húdaráis atá ag obair ar chásanna comharbais tairbhe a bhaint as rochtain trasteorann níos réidhe ar shonraí, i bhfianaise an mheastacháin go mbaineann gné thrasteorann le cás comharbais amháin as gach deich gcinn san Aontas Eorpach[51]. Ar deireadh, d'fhéadfadh idirnascadh a bheith ina chatalaíoch chun na cláir a nuachóiriú, nuachóiriú lena n-áireofaí digitiú iomlán na gclár.

5.2. Míbhuntáistí agus srianta

Ní mór roinnt tosca a chur san áireamh. Ar an gcéad dul síos, bheadh ar aon idirnasc aghaidh a thabhairt ar an neamhchinnteacht a bhaineann leis an bhfaisnéis a chuimsítear sa chlár, ar neamhchinnteacht í a mbíonn dlúthbhaint aici leis an gcóras náisiúnta inar forbraíodh an clár réadmhaoine, lena n-áirítear neamhchinnteacht maidir le fíorú na faisnéise atá taifeadta. Mura ndéantar comhchuibhiú in éineacht leis, d'fhéadfadh baol a bheith ann go dtabharfadh aon idirnasc tuiscint bhréagach ar inchomparáideacht na faisnéise a chuimsítear sna cláir. Tá dlúthbhaint idir uileghabhálacht faisnéise agus an tsaincheist maidir le hinchomparáideacht faisnéise. Cé nach stóráiltear an fhaisnéis ábhartha uile sna cláir réadmhaoine, d'fhéadfadh

[51] SEC(2009) 410 final, lch. 18.

cláir idirnasctha tuiscint bhréagach a thabhairt go gcuimsítear iontu an fhaisnéis go léir atá de dhíth ar na húdaráis inniúla, cé go bhféadfadh an fhaisnéis sin a bheith á stóráil áit éigin eile. Baineann dúshlán eile leis na rioscaí nach mbeadh idirnascadh na gclár soiléir go leor ann féin mura n-aistreofaí an téarmaíocht i gceart sna teangacha eile, agus sainiúlachtaí dlíthiúla á léiriú go cuí.

Go táscach, dá ndéanfaí an fhaisnéis a chuimsítear sna cláir réadmhaoine a chomhchuibhiú agus na cláir sin a idirnascadh, bheadh idir EUR 95 000 agus EUR 320 000 i gcostais aonuaire agus idir EUR 50 000 agus EUR 175 000 i gcostais athfhillteacha bhliantúla do na Ballstáit, ag brath ar leibhéal na n-athruithe atá le déanamh ar na cláir atá ann cheana[52]. Ina theannta sin, chaithfí tuairim is EUR 100 000 in aghaidh na bliana a íoc ar leibhéal an Aontais chun an t-idirnasc a bhainistiú. Faoi mar a tugadh faoi deara faoi phointe 4.3, ní chuirtear san áireamh sna meastacháin sin an costas a bhaineann le hathruithe ar an reachtaíocht agus le hath-leithdháileadh inniúlachtaí. Ní fhéadfaí meastacháin níos iontaofa a tharraingt suas ach amháin ar bhonn samhlacha cruinne idirnaisc.

5.3. Conclúidí

Léirítear san anailís thuas go mbeadh roinnt laigí ann a d'fhéadfadh na tairbhí a fhritháireamh dá ndéanfaí na cláir réadmhaoine atá ann cheana a idirnascadh gan leibhéal éigin comhchuibhiúcháin a bheith ann ar a laghad ar an bhfaisnéis atá iontu. Ó thaobh costais de, ní shábhálfaí mórán acmhainní mura ndéanfaí ach an t-idirnascadh i gcomparáid leis an méid a bheadh de dhíth i gcás ina ndéanfaí méid áirithe comhchuibhithe freisin ar an bhfaisnéis a chuimsítear sna cláir[53].

6. MEASÚNÚ AR CHOMHRÉIREACHT AGUS RIACHTANAS

Is é is aidhm don tuarascáil seo ionchur a sholáthar maidir le hábharthacht chomhchuibhiú nó idirnascadh na gclár réadmhaoine ó thaobh AML/CFT de go háirithe. Ní aidhm di teacht in ionad aon mheasúnú ar chomhréireacht ná ar an ngá a bhaineann le tionscnaimh eile ón gCoimisiún maidir le cláir réadmhaoine i gcoitinne, agus ní aidhm di réamhbhreith a dhéanamh ar an measúnú sin.

Léirítear san anailís thuasluaite go bhféadfadh idirnascadh clár réadmhaoine, dá mbeadh an leibhéal comhchuibhithe is gá ag gabháil leis, tairbhí a chruthú trí shaoránaigh agus trí ghnólachtaí a chumasú a gcuid saoirsí a fheidhmiú agus tacú le rochtain éifeachtach ar an gceartas i gcásanna trasteorann. Ar na cúiseanna sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún gur cheart do na Ballstáit uile a bheith rannpháirteach in idirnascadh na gclár talún faoi 2024[54].

Ó dhearcadh AML/CFT amháin, léiríonn aiseolas arna sholáthar ag AFAnna agus ag údaráis inniúla go bhfuil luas foriomlán mhalartú trasteorann na faisnéise réadmhaoine sásúil. Mar sin féin, níl cuid mhór den fhaisnéis atá ag teastáil ó údaráis AML/CFT stóráilte faoi láthair sna cláir réadmhaoine. Dá bhrí sin, d'ainneoin na rioscaí móra ML/TF atá os comhair na

[52] Bheifí ag súil nach dtabhódh 18 mBallstát ach costais sna raonta is ísle, ach meastar go mbeadh ar sheacht mBallstát aghaidh a thabhairt ar chostais i réimse níos airde agus bheadh costais mheánraoin le híoc ag dhá Bhallstát, féach an Coimisiún Eorpach (2021), lch. 97.
[53] Ibid. lch. 99-100.
[54] COM(2020)710 final, lch. 13-14. Féach thuas, roinn 2.3.

hearnála sin, níl aon riachtanas láidir ann ó thaobh AML/CFT de a thabharfadh bonn cirt le hidirnascadh na gclár réadmhaoine chun críocha AML/CFT.

Leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh an 6ú Treoir maidir le AML, leathnaítear, chun tacú le gníomhaíocht na n-údarás AML/CFT, raon feidhme na faisnéise maidir le hidirbhearta réadmhaoine ar féidir leis na húdaráis sin rochtain a fháil orthu[55]. Ag an am céanna, chun cosc a chur ar mhí-úsáid struchtúr casta úinéireachta nó airgid thirim le haghaidh airgead a sciúradh tríd an earnáil réadmhaoine, leathnaítear leis an togra le haghaidh Rialachán AML na ceanglais trédhearcachta maidir le húinéireacht thairbhiúil d'eintitis dhlíthiúla eachtracha a cheannaíonn réadmhaoin san Aontas[56] agus socraítear leis uasteorainn EUR 10 000 le haghaidh íocaíochtaí in airgead tirim[57].

7. CONCLÚIDÍ

Leagtar amach sa tuarascáil seo roinnt gnéithe nach mór a mheas maidir le hidirnascadh féideartha clár réadmhaoine agus comhchuibhiú na faisnéise atá iontu díreach chun críocha AML/CFT amháin. Ní aidhm di teacht in ionad aon mheasúnú ar chomhréireacht ná ar an ngá a bhaineann le tionscnaimh eile ón gCoimisiún maidir le cláir réadmhaoine i gcoitinne, agus ní aidhm di réamhbhreith a dhéanamh ar an measúnú sin.

Aithnítear inti na rioscaí ML/TF a bhfuil an earnáil réadmhaoine neamhchosanta orthu agus léirítear na tairbhí a d'fhéadfadh idirnascadh agus comhchuibhiú na gclár sin a bhaint amach sa chomhthéacs sin agus ar mhaithe le saoránaigh agus don Mhargadh Aonair ina iomláine.

Ag an am céanna, léirítear leis an anailís sa tuarascáil seo éagsúlacht chasta chúinsí na gclár réadmhaoine sna Ballstáit, a bhfuil tionchar mór ag tosca stairiúla agus ag réimis náisiúnta éagsúla dlí maoine orthu.

Dá bhrí sin, aon togra reachtach a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis na cláir réadmhaoine a idirnascadh agus a chomhchuibhiú, níor cheart féachaint air díreach amháin ná go príomha, ó thaobh AML/CFT de. Ní ionstraim AML/CFT amháin iad cláir réadmhaoine. Is é is príomhfheidhm leo agus is cúis lena gcruthú an gá ceart maoine, pleanáil nó cánachas a chlárú. Déanann cláir réadmhaoine fónamh go príomha d'údaráis seachas na húdaráis sin a bhfuil sé de chúram orthu sciúradh airgid/maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac. Ina theannta sin, díríonn creat AML/CFT ar rochtain a thabhairt d'údaráis inniúla agus do AFAnna ar an bhfaisnéis a theastaíonn uathu chun ML/TF a chosc agus a chomhrac. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí bonn a chur ar fáil leis chun an fhaisnéis a chuimsítear sna cláir réadmhaoine a chomhchuibhiú gan aon bhaint a bheith aige le AML/CFT.

Léiríodh san anailís, ó dhearcadh AML/CFT de, go bhfuil cáilíocht an mhalartaithe faisnéise trasteorann maidir le húinéireacht réadmhaoine sásúil ar an iomlán, agus nach féidir an fhaisnéis go léir is gá chun críocha AML/CFT a aisghabháil ó chláir réadmhaoine. Léirítear leis sin nach bhfuil aon ghá tábhachtach ann cláir réadmhaoine a idirnascadh chun críocha AML/CFT.

[55] COM(2021)423 final, Airteagal 16.
[56] COM(2021)420 final, Airteagal 48.
[57] Ibid, Airteagal 59.